C/2025/1324

13.3.2025

P9_TA(2024)0216

Tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na hAirméine atá inniúil maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na hAirméine atá inniúil maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla (17085/2023 – C9-0145/2024 – 2023/0400(NLE))

(Toiliú)

(C/2025/1324)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (17085/2023),

— ag féachaint don dréachtchomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na hAirméine atá inniúil maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla (17080/2023),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(2), le hAirteagal 85 i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0145/2024),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0165/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht na hAlbáine.